TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2007

Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí (CCND)

Baile Átha Cliath

Arna fhoilsiú ag Oifig an tSoláthair

Le ceannach díreach ón
Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais,
Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2,

nó tríd an bpost ó
Fhoilseacháin Rialtais, Rannóg Post-Tráchta,
Aonad 20 Páirc Miondíola Cois Locha, Clár Chlainne Mhuiris, Contae Mhaigh Eo,
(Teil: 01-6476834/37 nó 1890-213434; Faics: 01-6476843 nó 094-9378964)
nó trí aon díoltóir leabhar.

PRN A8/1886

ISBN: 978-1-4064-2241-2

€5.00

© Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí 2008

Arna dhearadh ag First Impression

ISBN 978-1-4064-2241-2

FÍS, MISEAN, LUACHANNA

Fís

Fócas náisiúnta a sholáthar i gcomhair na n-iarrachtaí uile a bhaineann le heolas agus lena dtreoraítear polasaithe na hÉireann maidir leis an mí-úsáid drugaí.

Misean

Ghabh an CCND air féin na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Tacú leis an Rialtas chun iarmhairtí na mí-úsáide drugaí, ó thaobh na sláinte, cúrsaí sóisialta agus an gheilleagair, a laghdú go suntasach trí shonraí agus anailís thráthúil a sholáthar ar thaighde;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn a chuid eolais, agus bearnaí, ar féidir aghaidh a thabhairt orthu trí thaighde, a shonrú;
- Cinntiú gur fianaise ó thaighde eolaíochta a dhéanfaidh an bunús don phróiseas ceaptha polasaithe, forbartha seirbhísí agus d'fheabhas leanúnach ar gach ceann dá chur chuigeanna chun dul i ngleic leis an mí-úsáid drugaí in Éirinn;
- Oibriú go dlúth le Rannán Taighde ar Alcól agus Dhrugaí an Bhoird Taighde Sláinte, ag soláthar comhairle, ag comhordú iarrachtaí taighde agus ag baint an úsáid is mó is féidir as acmhainní;
- Tacú le hIonad Doiciméadaithe Náisiúnta a chur ar bun;
- Idirchaidreamh a choinneáil ar bun leis na gníomhaireachtaí ábhartha ar bhonn náisiúnta chun taighde agus acmhainní a chomhordú;
- Rannpháirtíocht raon leathan páirtithe a chinntiú, ar bhonn náisiúnta, lena chuid riachtanas taighde a chomhlíonadh agus torthaí a scaipeadh;
- Freastal ar gach gníomhaíocht a bhaineann le hobair leis an mí-úsáid drugaí a laghdú agus socruithe a dhéanamh go scaipfear torthaí taighde, faisnéis agus sonraí eile go héifeachtach, rud a nascfaidh taighde leis an gcleachtas.

Luachanna

Chomhaontaigh an CCND go mbeadh na luachanna seo a leanas ina dtreoir dó agus a chlár saothair á chur i bhfeidhm aige. Déanfaidh an CCND na nithe seo a leanas:

- Éagsúlacht a bhallraíochta a bhainistiú agus é féin a chur faoi ghealltanas gur cur chuige comhthola a ghlacfar agus cinntí á ndéanamh;
- Cultúr measa, dínite, trédhearcachta agus cothroime a chothú ina chuid oibríochtaí go léir;
- An t-idirphlé a mholadh mar bhealach chun na dearcaí agus eispéiris éagsúla a chothromú ó thaobh na mí-úsáide drugaí in Éirinn;
- A bheith oibiachtach agus faisnéis á bailiú agus á scaipeadh, ar aon dul lena ghealltanas do Stráitéis Náisiúnta Drugaí 2001-2008;
- É féin a chur faoi ghealltanas go gcloífear leis na caighdeáin is airde is féidir ó thaobh an tsármhaithis agus na hiompraíochta eiticiúla;
- Comhoibrithe agus comhpháirtíochtaí a thóraíocht sa chás gur mó an tairbhe a bheidh ann ó thaobh a sprioc a bhaint amach agus comhoibriú le gach duine a d'fhéadfadh leas a bhaint as bonn a chuid eolais.

CLÁR

Réamhfhocal 5

Tuairisc an Chathaoirligh 6

Achoimre Feidhme 7

Gluais na dTéarmaí 8

1 Cúlra agus Feidhmeanna an CCND 9

1.1 Bunús 9

1.2 Feidhmeanna 9

2 Struchtúir agus Clár Saothair 10

2.1 Struchtúir 10

2.1.1 An CCND 10

2.1.2 Fo-Choistí 10

2.1.3 Téarmaí Tagartha 10

2.2 Clár Saothair an CCND 10

2.2.1 Achoimre ar 2007 10

2.2.2 An Próiseas Taighde 10

2.2.3 Taighde Coimisiúnaithe 11

2.2.4 Taighde Leanúnach 11

2.2.5 Comhobair 13

2.2.6 Comhobair idir an CCND/FSND 13

2.3 Bainistíocht Fheidhmíochta 13

2.3.1 Foireann 13

2.3.2 Scórchárta Ualaithe 13

2.3.3 Saoráil Faisnéise (SF) 14

2.3.4 Tacaíocht an Aonaid Straitéise Drugaí (ASD) 14

2.3.5 Rannpháirtíocht in Oiliúint 14

3 Cumarsáid 15

3.1 Comhairle don Rialtas 15

3.2 Caidreamh leis na Meáin Chumarsáide 15

3.3 Suíomh Idirlín an CCND 15

3.4 Seimineáir/Seisiúin Eolais 2007 16

3.4.1 Seimineáir arna n-óstáil ag an gCCND in 2007 16

3.4.2 Seimineáir/Comhdhálacha ar fhreastail baill foirne an CCND orthu in 2007 16

3.4.3 Ábhair a chuir an Stiúthóir i láthair i rith 2007 17

3.4.4 Ábhair a chuir an Fhoireann Taighde i láthair i rith 2007 17

3.5 Foilseacháin agus Aighneachtaí 17

4 Cúrsaí Airgeadais 19

4.1 Taighde – Maoiniúchán a Leithdháileadh 19

4.2 Caiteachas an CCND 19

Aguisín 1

Ballraíocht Choiste an CCND ag 31ú Nollaig, 2007 20

Aguisín 2

Tábla Bhallraíocht na bhFo-choistí ag 31ú Nollaig, 2007 22

Aguisín 3

Gníomhartha arna nÉileamh ar an gCCND faoin Straitéis Náisiúnta Drugaí 24

RÉAMHFHOCAL

Tá ríméad orm fáilte a chur roimh an dara tuarascáil bhliantúil de chuid an Choiste Chomhairligh Náisiúnta ar Dhrugaí (CCND). Leagann an Rialtas tábhacht ar leith ar shonraí agus faisnéis dea-chaighdeáin a bheith aige chun éascú leis an bpróiseas le polasaithe a cheapadh, i ndáil le drugaí, a bheidh bunaithe ar fhianaise agus comhlíonann an CCND ról ollmhór maidir leis an gcúram sin.

Tá sé ina údar spreagaidh go bhfuil sé le feiceáil ó thorthaí 2007 staidéar ROSI*E* ar chóireáil na handúile i gcodlaidínigh go bhfuiltear ag fáil sochair as an infheistíocht i seirbhísí cóireála drugaí. Sholáthair tuairisc an CCND "Taithí Teaghlach agus iad ag Lorg Tacaíochta le Ceart a Bhaint den Úsáid Hearóine" agus an DVD a bhain leis, fíorléargais ar na fadhbanna a bhíonn roimh theaghlaigh, chomh maith le faisnéis tairbheach do na teaghlaigh sin agus moltaí stuama le haghaidh gnímh amach anseo.

Is mian liom an méid a thug Dr Des Corrigan uaidh ina sheachtú bliain dó, mar Chathaoirleach an CCND, a aithint. Leanann sé ar aghaidh leis an gCoiste a stiúradh ar bhealach éifeachtúil gairmiúil. Táim fíorbhuíoch de Stiúrthóir an CCND, Máiréad Lyons, freisin agus de bhaill agus d'fhoireann uile an CCND as a ndílseacht agus a ndúthracht.

John Curran T.D.
Aire Stáit le freagracht as an Straitéis Náisiúnta Drugaí

Deireadh Fómhair 2008

TUAIRISC AN CHATHAOIRLIGH

Bliain dhúshlánach ab ea 2007 inar choimisiúnaigh agus inar chuir an CCND cuid mhór taighde thábhachtaigh i gcrích. An foilseachán is mó gur chóir a lua as a measc siúd a foilsíodh i rith na bliana b'fhéidir ná an tuairisc ar Úsáid an Chóicín in Éirinn II, lenar tarraingíodh aird ar an scéal reatha ó thaobh an druga seo – go bhfuil sé ag dul i leitheadúlachta agus ag éirí níos infhaighte, tarraingíodh aird ar na fadhbanna a thagann de bharr fadhbanna na húsáide cóicín freisin a chuireann ar theaghlaigh agus ar phobail ar fud na tíre. Comhfhiontar le Foireann na Straitéise Náisiúnta Drugaí (FSND) ab ea an tuairisc seo agus tháinig moltaí an-téagartha de bharr an mheascáin bhuanna agus acmhainní a tháinig de thoradh na comhoibre, agus thug páirtithe leasmhara éagsúla na moltaí sin ar aghaidh sa Straitéis Náisiúnta Drugaí ina dhiaidh. Táscaire buntábhachtach ó thaobh feidhmíochta, dúinne mar Choiste Comhairleach, is ea moltaí agus comhairle an CCND a bheith á gcur i ngníomh féin.

Buaicphointe eile dár n-oibre ná gur foilsíodh taighde ar an mbealach a bhaineann teaghlaigh ceart den mhí-úsáid hearóine. Seoladh an tuairisc i bhfoirm chlóite agus ar DVD chomh maith agus d'fhág sin, ach go háirithe, go raibh raon níos leithne agus níos iltréithí daoine in ann teacht ar thaighde an CCND. Tá an DVD tagtha chun a bheith ina uirlis thábhachtach fhaisnéise ach go háirithe dóibh siúd a bhíonn ag obair le teaghlaigh le hiad a oiliúint maidir leis na céimeanna sa phróiseas chun déileáil le cúrsaí ionas go bhféadfaidís foghlaim ó thaithí daoine eile.

Bhí sé ina údar sásaimh ar leith go bhfacthas, ó staidéar ROSI*E*, na torthaí do lucht mí-úsáide na gcodlaidíneach/na hearóine a lorg cóireáil le haghaidh drugaí. Baineadh go leor feabhsúchán amach sa chéad bhliain tar éis dóibh dul isteach i gcláir chóireála agus bhí laghduithe ann ar an úsáid drugaí ar an iomlán ann chomh maith le laghduithe ar mhinicíocht agus ar líon na ndrugaí a úsáideadh trasna gach "modúlacht" chóireála. Baineadh laghduithe amach freisin ar an rannpháirtíocht sa choireacht trasna gach modúlacht agus tháinig feabhsú ar a fheabhas is a d'éirigh le rannpháirtithe ó thaobh cúrsaí sóisialta agus pearsanta.

Ní bheadh obair iltréitheach fhorleathan an CCND indéanta gan saineolas agus dianobair bhaill an Choiste, a Fhochoistí agus a Ghrúpaí Comhairleacha um Thaighde. Thug siad a gcuid ama agus eolais go fial flaithiúil, agus ba chóir dúinn ar fad a bheith buíoch de. Oibríonn an CCND le foireann bheag lárnach atá an-tugtha dá cuid oibre agus a tháirgeann obair ardchaighdeáin go seasta, agus spriocdhátaí an-dian a bhíonn i gceist de ghnáth. Tá mo chomhghleacaithe agus mé féin faoi chomaoin go mór acu mar gheall ar a ndíograis. Leanann an Stiúrthóir, Máiréad Lyons, Uas., ar aghaidh le ról ríthábhachtach a imirt ach go háirithe lena chinntiú go mbeidh ár n-aschuir de réir sceidil agus d'ardchaighdeán.

Fáiltím roimh an deis seo le buíochas a ghabháil leis an Aire Stáit agus a oifigigh san Aonad Straitéise Drugaí ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta as a dtacaíocht leanúnach d'obair an CCND agus as an deis a thabhairt dom a bheith páirteach i gcoiste atá chomh héifeachtach dícheallach.

Dr Des Corrigan FPSI
Cathaoirleach

ACHOIMRE FEIDHME

Níl aon dabht ach go gcruthaíonn comhchríonnacht agus comh-shaineolas an CCND sinerge ar leith a ghríosann an méid a bhaineann sé amach. Coiste is ea é arb ionspioráid leanúnach na nithe a bhféachann a bhaill le baint amach le chéile. Cé go n-athraíonn a bhallraíocht ó am go chéile, bíonn gach ball iomlán tugtha do spriocanna agus d'fheidhmeanna an CCND agus tugann siad 20 lá in aghaidh na bliana ar an meán dá chuid oibre. Tháinig an CCND le chéile seacht n-uaire, reáchtáil sé 21 cruinniú fochoiste agus reáchtáladh 24 cruinniú foirne chun sruth na hoibre a bhainistiú agus na hardleibhéil táirgiúlachta, ó fhoireann an-bheag, a choinneáil ar bun. Lena chois sin, bhí 82 cruinniú inmheánacha agus 60 cruinniú sheachtracha ann, rud a thugann leid faoi stíl oibre rannpháirteach an CCND.

Bhí sé thionscadal leanúnacha taighde ar siúl in 2007, cuireadh ceithre thionscadal nua taighde i ngníomh, chuir an CCND 17 bhfoilseachán ar fáil (sé chinn a bhí ar an idirlíon amháin) agus scaipeadh 11,000 tuairisc i gcaitheamh na bliana. Chuathas os cionn na dtargaidí ó thaobh cúrsaí cumarsáide don tríú bliain as a chéile maidir le foilseacháin agus a fhairsinge is a scaipeadh iad. Tugadh breis is 70 agallamh do na meáin chumarsáide chlóite agus chraolta, luadh an CCND sna meáin breis is 200 uair ar stáisiúin raidió náisiúnta agus áitiúla agus i 35 alt nuachtáin. Tá ár suíomh idirlín ina acmhainn úsáideach i gcónaí – le 47,071 cuairteanna agus 290,805 aimsiú san iomlán. Bíonn aistriúcháin ar phreasráitis agus ar achoimrí taighde go Gaeilge ar fáil agus tá rannóg Ghaeilge ar an suíomh idirlín.

Sholáthair an CCND seisiúin eolais agus comhairle don Aire roinnt mhaith uaireanta maidir le raon saincheisteanna lena n-áirítear úsáid an chóicín a bheith ag dul i leitheadúlachta in Éirinn agus na hiarmhairtí do dhaoine aonair, do theaghlaigh agus do phobail. Tháinig gníomhartha ardleibhéil dá thoradh seo i leith moltaí ó Chomhthuairisc an CCND/FSND. Thairis sin, léirigh taighde an CCND go n-éiríonn leis an gcóireáil don lucht úsáide codlaidíneach agus go bhfuil úsáideoirí drugaí ag léiriú torthaí dearfacha sa chéad bhliain i mbun cóireála dóibh. Leithdháileadh acmhainní ar an Líonra Náisiúnta Tacaíochta Teaghlaigh de thoradh taighde ar thaithí teaghlach ar a bheith ag baint cirt den úsáid hearóine.

Leanann an Dr Des Corrigan, Cathaoirleach, ar aghaidh le sárcheannaireacht a thabhairt dúinn ar fad. Ba mhaith liom fíorbhuíochas ó chroí a ghabháil le foireann bheag iontach a léiríonn an t-uafás diongbháilteachta, solúbthachta agus díograise le sainordú an CCND a chomhlíonadh: Mary Jane Trimble, Alan Gaffney, Gemma Cox, Teresa Whitaker, Justine Horgan, Sheena Duffy agus Catherine Darmody.

Mairéad Lyons
Stiúrthóir

GLUAIS NA dTÉARMAÍ

AFTDA	Aonad Faisnéise agus Taighde ar Dhrugaí is Alcól den Bhord Taighde Sláinte (ar tugadh an RTMD nó Rannóg Thaighde ar Mhí-úsáid Drugaí roimhe seo)
ARC&C	Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
ASD	Aonad Straitéise Drugaí
BTS	An Bord Taighde Sláinte
CCAAÉ	Cumann na gComhairleoirí Alcóil agus Andúile in Éirinn
CCÉ	Cé na gCeannaithe Éireann
CCND	Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí
CMTD	Córas Monatóireachta ar Threochtaí Drugaí
FSND	Foireann na Straitéise Náisiúnta Drugaí
FSS	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
GCT	Grúpa Comhairleach um Thaighde
GID	Grúpa Idir-rannach ar Dhrugaí
LCDD	Líonra um Chóireáil Dheonach do Dhrugaí
MTF	Meitheal Taighde agus Faisnéise
ROSI*E*	Staidéar ar Thoradh Taighde in Éirinn Lena Meastar Éifeachtacht na Cóireála Drugaí nó *Research Outcome Study in Ireland evaluating drug treatment effectiveness*
SF	Saoráil Faisnéise
TFÁD	Tascfhórsa Áitiúil ar Dhrugaí
TFRD	Tascfhórsa Réigiúnach ar Dhrugaí
VEID	Víoras Easpa Imdhíonachta Daonna nó *HIV*

CÚLRA AGUS FEIDHMEANNA AN CCND

1.1 Bunús

Bunaíodh an CCND i mí Iúil 2000 chun comhairle a thabhairt don Rialtas maidir leis an bhfadhbúsáid drugaí in Éirinn i ndáil le hiarmhairtí, leitheadúlacht, cosc agus cóireáil lena n-áirítear an t-athshlánúchán, bunaithe ar a anailís agus a léirmhíniú ar thorthaí taighde agus ar fhaisnéis a bhíonn ar fáil dó. Soláthraíonn sé comhairle luathrabhaidh don Rialtas freisin. Tá an Coiste comhdhéanta d'ionadaíocht ó Ranna Rialtais, ón Lucht Léinn, ó earnálacha Pobail, Deonacha agus Reachtúla agus tuairiscíonn sé chuig an Aire Stáit le freagracht as an Straitéis Náisiúnta Drugaí. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ón suíomh idirlín www.nacd.ie.

Forbraíodh clár breise saothair de thoradh chinneadh Rialtais le sainordú an CCND a athnuachan in 2004. Tugadh faoi phróiseas comhairliúcháin le príomhghrúpaí agus páirtithe leasmhara chun féachaint ar dheiseanna breise ó thaobh taighde agus faisnéise. Mar chuid den phlean gnó a forbraíodh, leantar ar aghaidh leis an gclár reatha agus aithnítear bearnaí leanúnacha ó thaobh faisnéise. Dhá réimse nua forbartha a raibh tús áite le tabhairt dóibh, ar aon dul le tosaíochtaí an Rialtais, ná taighde ar an *Athshlánú* agus ar *Dhrugaí agus an Choireacht*. Cheadaigh an Coiste Comh-Aireachta um Chuimsiú Sóisialta an plean gnó agus tá sé foilsithe ar shuíomh idirlín an CCND ("Plean Gnó 2005-2008").

D'oibrigh an CCND go dlúth le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí eile i gcaitheamh na mblianta chun scileanna agus acmhainní a bharrfheabhsú ó thaobh faisnéis a bhailiú agus bearnaí in eolas a líonadh. Oibríonn an CCND go dlúth le hAonad Taighde ar Dhrugaí is Alcól an Bhoird Taighde Sláinte ach go háirithe le riachtanais fhaisnéise Chúig Thráscaire Bhuntábhachtacha an AE, maidir leis an Úsáid Drugaí, a chomhlíonadh. Tá an CCND i mbun comhoibre leanúnaí le comhghleacaithe i mBrainse Faisnéise agus Taighde ar Shláinte Phoiblí na Roinne Sláinte, Seirbhísí Sóisialta agus Sábháilteachta Poiblí i dTuaisceart Éireann, ag bailiú faisnéise ar leitheadúlacht na ndrugaí i measc an daonra ghinearálta ar an oileán ar fad.

Próiseas is ea clár saothair agus *modus operandi* an CCND a bhíonn ag éabhlóidiú agus is féidir tuilleadh faisnéise a fháil ar shuíomh idirlín an CCND. An Rialtas a leag a fheidhmeanna lárnacha síos in 2000 áfach agus níor athraíodh iad seo – féach thíos.

1.2 Feidhmeanna

Agus é á bhunú in 2000, leagadh feidhmeanna an CCND (an Coiste) amach mar seo a leanas:

- Bunaithe ar anailís agus léirmhíniú an Choiste ar thorthaí taighde agus ar fhaisnéis a bhíonn ar fáil dó, comhairle a thabhairt don Choiste Comh-Aireachta um Chuimsiú Sóisialta agus, tríd sin, don Rialtas, i ndáil le, leitheadúlacht, cosc, cóireáil agus iarmhairtí na fadhbúsáide drugaí in Éirinn;
- Athbhreithniú a dhéanamh ar thacair reatha faisnéise agus ar inniúlacht taighde i ndáil le leitheadúlacht, cosc, cóireáil agus iarmhairtí na fadhbúsáide drugaí in Éirinn agus moltaí a dhéanamh, de réir mar is cuí, maidir le conas gur chóir aghaidh a thabhairt ar easnaimh lena n-áirítear conas an úsáid is mó agus is féidir a bhaint as faisnéis a bhíonn ar fáil ón earnáil phobail agus dheonach;
- Maoirseacht a dhéanamh ar an bpróiseas le clár trí bliana taighde agus meastóireachta, ar tugadh tús áite dó, a sheachadadh, faoi mar a mhol an Coiste Comhairleach Eatramhach, leis na bearnaí agus riachtanais aitheanta, ar tosaíocht iad, a chomhlíonadh tríd an méid seo a leanas:
  a) úsáid a bhaint as inniúlacht ghníomhaireachtaí ábhartha a bhíonn i mbun an bhailiúcháin faisnéise agus taighde, idir reachtúil agus neamhreachtúil, le heilimintí an chláir a sheachadadh;
  b) idirchaidreamh a dhéanamh leis na gníomhaireachtaí seo d'fhonn an úsáid is mó agus is féidir a bhaint as na hacmhainní a leithdháileadh leis an gclár a sheachadadh agus le dúbailt a sheachaint;
  c) tionscadail taighde a chomhordú agus comhairle a thabhairt ina dtaobh i bhfianaise an chláir ar tugadh tús áite dó;
  d) tionscadail taighde nach féidir a chomhlíonadh tríd an inniúlacht atá ann cheana féin, a choimisiúnú;
  e) taighde breise a choimisiúnú, ar iarratas an Rialtais, ar shaincheisteanna ábhartha, maidir le drugaí, a bhaineann le polasaithe;
     - oibriú go dlúth leis an mBord Taighde Sláinte (BTS) le bunachar sonraí náisiúnta faisnéise/taighde a bhunú (i ndáil le leitheadúlacht, cosc, cóireáil agus iarmhairtí na fadhbúsáide drugaí) a bheidh sorochtana; agus
     - comhairle a thabhairt do Ghníomhaireachtaí ábhartha a bhfuil sé de shainchúram orthu feasacht níos mó a chur chun cinn i measc an phobail maidir leis na saincheisteanna a thagann chun cinn i ndáil leis an bhfadhbúsáid drugaí agus díospóireacht a chur chun cinn agus a spreagadh trína thorthaí taighde a scaipeadh.

Caibidil a Dó

STRUCHTÚIR AGUS CLÁR SAOTHAIR

2.1 Struchtúir

2.1.1 An CCND

Tá an CCND comhdhéanta de 19 mball, a nglacann gach duine díobh, seachas an Cathaoirleach, páirt in obair an CCND ar bhonn deonach. Tá an Cathaoirleach ag fáil suim bheag d'airgead onóra ó 2005 i leith. Bíonn baill ag fónamh ar chuireadh ón Aire Stáit agus ceanglaítear orthu, mar chuid dá rannpháirtíocht, suí ar phríomhchoiste an CCND agus ar fhochoiste amháin ar a laghad. Socraítear de ghnáth go reáchtáiltear cruinnithe an CCND gach sé seachtaine, gan mí Iúil agus Lúnasa san áireamh. Reáchtáladh seacht gcruinniú in 2007. Tugtar mionsonraí ar an mballraíocht iomlán in Aguisín 1.

2.1.2 Fo-Choistí

Mar gheall ar a chasta is atá saincheist na ndrugaí, bainistíonn an CCND a chlár saothair trí struchtúir fhochoiste lena n-áirítear grúpaí comhairleacha um thaighde. Tá cúig fhochoiste i bhfeidhm: Iarmhairtí, Luathrabhadh/Treochtaí atá Ag Teacht Chun Cinn, Leitheadúlacht, Cosc agus Cóireáil/Athshlánúchán. Tagann gach coiste le chéile de réir mar is gá agus de réir riachtanais chlár saothair an CCND. Bhí 21 chruinniú fochoiste san iomlán ann in 2007, mar seo a leanas: Iarmhairtí (4), Luathrabhadh/Treochtaí atá ag Teacht Chun Cinn (4), Leitheadúlacht (4), Cosc (4) Cóireáil/Athshlánúchán (5). Tugtar mionsonraí ar an mballraíocht iomlán in Aguisín 2.

2.1.3 Téarmaí Tagartha

Tá Téarmaí Tagartha le haghaidh gach fochoiste ar fáil i bhfoilseacháin roimhe seo agus ar shuíomh idirlín an CCND.

2.2 Clár Saothair an CCND

In 2001, d'fhoilsigh an CCND a chéad chlár saothair agus foilsíodh plean gnó in 2002. Rinne *Talbot Associates* athbhreithniú seachtrach ar an gCCND in 2004 agus cheadaigh an Rialtas sainordú athnuaite chomh fada le deireadh 2008 dá thoradh sin. Foilsíodh plean gnó trí bliana in 2005 inar leagadh amach clár saothair nua agus inar cuimsíodh tionscadail ó chlár saothair a bhí ann níos luaithe agus ar ghá a chríochnú fós chomh maith le taighde ar ghá a dhéanamh an athuair. Comhaontaíonn an CCND gníomhartha don bhliain ag tús gach bliain i dtreo is go mbainfear spriocanna an chláir saothair amach.

In 2007, bhí sé thionscadal leanúnacha taighde ar siúl, pleanáladh cúig thionscadal nua taighde agus cuireadh ceithre chinn díobh seo i gcrích. D'éirigh linn 17 bhfoilseachán a fhoilsiú, arbh fhoilseacháin a bhí le fáil ar an idirlíon amháin sé chinn díobh siúd agus priontáladh agus scaipeadh an fuílleach.

2.2.1 Achoimre ar 2007

Bhí an clár saothair leanúnach in 2007 comhdhéanta den mhéid seo a leanas:

- Tuilleadh anailíse ar shonraí ó Suirbhé ar Leitheadúlacht Drugaí 2002/2003;
- Críoch a chur le Suirbhé ar Leitheadúlacht Drugaí 2006/2007;
- Leanúint ar aghaidh le staidéar ROSI*E* chun agallaimh athleanúna 3 bliana a chur i gcrích;
- Tuilleadh anailíse ar na sonraí a bhí ann tar éis aon bhliain amháin, chomh maith le foilsiú na sonraí sin;
- Críoch a chur leis an obair mheastóireachta ar an bhFeachtas Náisiúnta Feasachta ar Dhrugaí;
- Cáipéis chomhairleach a ullmhú maidir leis an Tástáil le haghaidh Drugaí sa Láthair Oibre;
- Obair fhorbartha ar Tháscairí maidir le Drugaí sa Phobal.

Ba iad seo a leanas na gníomhaíochtaí nua a coimisiúnaíodh:

- Athdhéanamh staidéar gabhála athghabhála 2002 ar fhadhbúsáid na gcodlaidíneach;
- Léirithe spéise a lorg maidir le córas monatóireachta a chur i ngníomh i gcomhair treochtaí ó thaobh drugaí;
- Taighde ar mhargaí drugaí in Éirinn;
- Staidéar comparáideach ar an úsáid drugaí i measc daoine a d'fhág an scoil go luath agus daoine a bhíonn ag freastal ar scoil;
- Féachaint ar an timpeallacht ó thaobh rioscaí a bhíonn i gceist d'fhadhbúsáideoirí drugaí a bhíonn i mbun an striapachais.

2.2.2 An Próiseas Taighde

Bíonn tacaíocht Ghrúpa Comhairligh um Thaighde (GCT) ar fáil le haghaidh an taighde ar fad. Tugadh cur síos ar na Téarmaí Tagartha do na GCTeanna seo i dtuarascálacha roimhe seo agus tá siad sin ar fáil ar an suíomh idirlín anois. Tagann an GCT le chéile nuair a bhíonn cinneadh déanta i leith cheist an

taighde agus go gcaithfear tosú ar an bpróiseas coimisiúnaithe. Cuirtear formhór an taighde amach ar chonarthaí seachtracha trí iarratais ar thairiscintí, idirghníomhaíocht dhíreach nó gníomhartha inmheánacha. In 2007, chinn an CCND gníomhú mar an Príomh-Imscrúdaitheoir in dhá thionscadal taighde (féach 2.2.3(iv), (v) thíos). Déanann an GCT, a bhíonn comhdhéanta de pháirtithe leasmhara nó de shaineolaithe ábhartha de ghnáth, maoirseacht ar an bpróiseas taighde, agus tugann oiliúint agus meantóireacht do na taighdeoirí, chomh maith le comhairle agus treoir nuair is cuí agus déanann athbhreithniú ar an aschur scríofa sula dtugtar an faomhadh deiridh do thuairisc a bheidh le breithniú ag an gCCND.

2.2.3 Taighde Coimisiúnaithe

In 2007, coimisiúnaíodh cúig thionscadal taighde agus soláthraítear breac-chuntas gairid orthu thíos:

(i) Athstaidéar Gabhála Athghabhála:
Tar éis phróiseas tairisceana, bronnadh an conradh ar Dr Alan Kelly ón Aonad Taighde Sláinte ar Limistéir Bheaga i gColáiste na Tríonóide chun staidéar gabhála athghabhála a dhéanamh ar fhadhbúsáid na gcodlaidíneach in Éirinn. Athdhéanamh an staidéir a rinneadh roimhe seo in 2001 a bheidh i gceist agus scrúdófar sonraí leis i gcomhair na bliana 2006 ó thrí fhoinse sonraí: an Lárliosta Cóireála, sonraí PULSE na nGardaí agus sonraí FOCO (Fiosrúchán um Othair Chonáitheacha in Ospidéil). Táthar ag súil le tuairisc i lár 2008.

(ii) Córas Monatóireachta ar Threochtaí Drugaí:
Foilsíodh fógra go rabhthas ag lorg léirithe spéise in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh chun a dhéanamh amach an raibh an inniúlacht in Éirinn chun an córas faisnéise ar leith seo a bhunú. Ba bheag líon na bhfreagraí a fuarthas agus níor tháinig ach dhá léiriú spéise isteach. Mar gheall ar an luach a bhfuiltear ag súil go mbeidh leis an tionscadal, an inniúlacht theoranta agus gan dearbhú ar bith ann go mbeadh airgead ar fáil, cinneadh an próiseas le tairiscint a eisiúint a chur ar athló agus go gcoimeádfaí an cheist faoi bhreithniú.

(iii) Drugaí agus an Choireacht:
Choimisiúnaigh an CCND taighde ar mhargaí drugaí in Éirinn agus thoiligh sé, in éineacht leis an mBord Taighde Sláinte agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, tabhairt faoi thaighde sa réimse seo i gcomhar lena chéile. Bhí socruithe maidir le cómhmaoiniúchán agus conarthaí i mbéal a gcríochnaithe ag deireadh 2007. Tá an tionscadal le tosú in 2008.

(iv) Staidéar Comparáideach ar an Úsáid Drugaí i Measc Daoine a Fhágann an Scoil go Luath agus Daoine a Bhíonn ag Freastal ar Scoil:
Tá an CCND ag gníomhú mar Phríomh-Imscrúdaitheoir sa staidéar seo a dearadh go hinmheánach. Fuair an CCND ceadú ó thaobh cúrsaí eitice leis an staidéar a chur i ngníomh ó Choiste Eitice Taighde Bhord an Ionaid Chóireála Drugaí. Scrúdófar leis an staidéar an úsáid drugaí i measc daoine a fhágann an scoil go luath agus daoine a bhíonn ag freastal ar scoil i gcomhthéacs fachtóirí rioscaí agus cosanta. Eisíodh tairiscint don obair allamuigh a bronnadh ar Ipsos MORI agus cuireadh an staidéar píolótach i gcrích faoi Nollaig 2007. Tosófar ar an bpríomhstaidéar in 2008.

(v) Staidéar ar Fhadhbúsáideoirí Drugaí a bhíonn i mbun an Striapachais:
Tá an CCND ag gníomhú mar Phríomh-Imscrúdaitheoir sa staidéar seo freisin. Dearadh go hinmheánach é agus fuarthas ceadú ó thaobh cúrsaí eitice chun é a chur i ngníomh. Tá obair allamuigh, atá á déanamh ag taighdeoirí an CCND, le críochnú go luath in 2008 agus táthar ag súil le tuairisc faoi dheireadh 2008.

2.2.4 Taighde Leanúnach

(i) Suirbhé ar Leitheadúlacht Drugaí 2002/2003:
Críochnaíodh an obair ar Bhullaitín 5 Torthaí maidir leis an Úsáid Ildrugaí agus ar Bhullaitín 6 Torthaí maidir leis an Úsáid Támhachán, Suaimhneachán nó Frithdhúlagrán agus foilsíodh an dá thuairisc ar an suíomh idirlín, priontáladh iad agus scaipeadh iad chuig lucht léite lárnach de pháirtithe leasmhara.

Rinneadh anailís ar shonraí ó thaobh alcóil le haghaidh 2002/3 agus ullmhaíodh dréacht-bhullaitín don Roinn Sláinte agus Leanaí. Scrúdaíodh leis an dréacht seo leitheadúlacht na húsáide alcóil trasna grúpaí inscne agus aoise, minicíocht na húsáide, aois na chéad úsáide, an ragús óil, fachtóirí ó thaobh cúrsaí socheacnamaíochta agus dearcaí ar an ól lena n-áirítear eolas ar rioscaí nó ar dhíobháil. Cuireadh an dréacht-Bhullaitín faoi bhráid Mheitheal na Roinne Sláinte agus Leanaí um Shinéirgí idir an tAlcól agus Drugaí i mí Mheáin Fómhair 2007.

Tugadh faoi chomhobair le Roinn Sláinte Poiblí Choláiste na Tríonóide um Thaighde Sláinte ar Limistéir Bheaga le tuilleadh anailíse a dhéanamh ar na sonraí ó thaobh na

Leitheadúlachta Drugaí. Nuair a cíoradh na sonraí go hiomlán áfach, d'fhág brú a bhain le gealltanais eile oibre sa dá eagraíocht gur cuireadh obair leis an tionscadal seo a chur i gcrích siar. Ba é an sprioc ná comhpháipéar eolaíochta a fhorbairt.

(ii) Suirbhé ar Leitheadúlacht Drugaí 2006/2007:
Díríodh an aire uile ar an suirbhé seo a chur i gcrích agus ar a chinntiú go mbeadh ardchaighdeáin i gceist agus sonraí á mbailiú, sonraí á nglanadh agus anailís á déanamh ar shonraí. Bhí dlúth-chomhobair i gceist le comhghleacaithe i dTuaisceart Éireann lena chinntiú go mbeadh caighdeáin ag teacht lena chéile agus le comhfhoilseacháin de na sonraí a fhorbairt don dá dhlínse. Tá an chéad fhoilseachán le teacht i mí Eanáir 2008.

(iii) Agallaimh Athleanúna 3 Bliana Staidéar ROSI*E* a Chur i gCrích:
Síníodh an Staidéar ar Thoradh Taighde in Éirinn Lena Meastar Éifeachtacht na Cóireála Drugaí in 2006 chun dul chun cinn na rannpháirtithe sa staidéar a rianú trí bliana tar éis dóibh dul isteach i gcláir chóireála. Críochnaíodh agallaimh in 2007 agus cuireadh chéad dréacht den tuairisc dheiridh i láthair an CCND i mí na Nollag 2007. Déanfaidh an CCND staidéar ar an méid a fuarthas amach in 2008 agus foilseoidh sé torthaí a bheidh ann ag tráth na dtrí bliana.

(iv) Foilsiú na Sonraí a bhí ann tar éis Aon Bhliain Amháin – Staidéar ROSI*E*:
Rinneadh anailís leanúnach ar shonraí ROSI*E* ó thaobh thorthaí na rannpháirtithe aon bhliain amháin tar éis dóibh dul isteach i gcláir chóireála agus d'éirigh linn trí fhoilseachán eile de "Torthaí ROSI*E*" a chur i gcrích. Foilsíodh Tuairisc ar Shonraí Bonnlíne ROSI*E* ar an suíomh idirlín freisin.

(v) Feachtas Náisiúnta Feasachta ar Dhrugaí – Tuairisc na Meastóireachta a Chríochnú:
Cé go raibh an Feachtas agus an taighde curtha i gcrích faoi 2007 agus go bhfuarthas an chéad dréacht den tuairisc deiridh, cuireadh tús leis an bpróiseas fada leis an bhfaisnéis, ó staidéar a lean ar aghaidh ar feadh 3 bliana, a dheimhniú. Aithníodh agus líonadh bearnaí, deimhníodh nithe a dúradh in agallaimh agus, ar deireadh, rinneadh obair eagarthóireachta agus phrofléitheoireachta. Ullmhaíodh an tuairisc lena foilsiú. Cinneadh go bhfoilseofaí an tuairisc iomlán ar an idirlíon i mí na Nollag 2007 agus go bpriontálfaí tuairisc achomair le scaipeadh go luath in 2008.

(vi) Tástáil le hAghaidh Drugaí sa Láthair Oibre:
Foilsíodh an tuairisc le moltaí don Rialtas, a d'ullmhaigh an CCND, ar an suíomh idirlín amháin.

(vii) Bileog Threorach faoi Víris a Iompraítear san Fhuil:
Tá an CCND ag breithniú na saincheiste ó thaobh víreas a iompraítear san fhuil le roinnt mhaith blianta ionas go dtuigfear aon bhearnaí san eolas. Ullmhaíodh bileog threorach in 2007 lenar scrúdaíodh an fhaisnéis ar fad a bhí ar fáil ar víris a iompraítear san fhuil i ndáil leis an úsáid drugaí agus rinneadh moltaí don Rialtas. Don bhileog, tarraingíodh as obair an BTS ina Shraitheanna Forléargasacha chomh maith le faisnéis ar na cleachtais is fearr ó thíortha eile. Ag an am céanna, bhí FSND ag déanamh athbhreithnithe ar infhaighteacht Mhalartáin Snáthaidí in Éirinn, rud a tháinig chun cinn de bharr moltaí sa chomhthuairisc ó CCND/FSND ar Úsáid an Chóicín in Éirinn. Comhaontaíodh i mí na Nollag 2007 gur chóir don CCND agus d'FSND comhpháipéar a ullmhú don Grúpa Idir-Rannach ar Dhrugaí (GID) maidir le Malartán Snáthaidí agus an fhaisnéis ar víris a iompraítear san fhuil a chur isteach ina cuid de. Tarlóidh sé seo go luath in 2008.

(viii) Bileog Threorach faoin Oibriú Idir Gníomhaireachtaí:
Scrúdaíodh litríocht ó Éirinn agus ó thíortha eile in éineacht le taithí na ndaoine sin a bhíonn ag obair i réimse na ndrugaí agus dréachtadh an bhileog threorach faoin Oibriú Idir Gníomhaireachtaí. Rinneadh aighneacht d'Ard-Rúnaithe Ranna uile an Rialtais i mí na Samhna 2007 agus a Ráitis Straitéise á n-ullmhú acusan. Críochnófar an tuairisc go luath in 2008 agus foilseofar ar an idirlíon amháin ina dhiaidh sin é.

(ix) Obair fhorbartha ar Thráscairí maidir le Drugaí sa Phobal:
Bhí comhráite leis an bPríomh-Oifig Staidrimh d'fhonn is go dtabharfaí cur chuige cuimsitheach chun cinn i leith sonraí a bhailiú go lárnach. Rinneadh roinnt oibre tosaigh ar na sonraí ó thaobh na coireachta le hathbhreithniú a dhéanamh orthu de réir réigiúin agus fuarthas gur mór an t-údar spéise é seo. Tá tuilleadh oibre ar siúl go leanúnach. Tá an teimpléad a d'fhorbair an CCND in éineacht leis na Tascfhórsaí Áitiúla ar Dhrugaí úsáidte ag FSND chun cabhrú leo athbhreithniú pleanála a chur le chéile. Tabharfar chun suntais leis seo a mhéid agus a bheifear in ann faisnéis ar limistéir áitiúla a bhailiú go neamhfhoirmiúil agus go foirmiúil araon.

2.2.5 Comhobair

Tá an chomhobair ina prionsabal lárnach den CCND agus déantar gach dícheall le deis rannpháirtíochta a thabhairt do pháirtithe leasmhara ar leibhéil éagsúla i ndíospóireachtaí, tionscadail taighde agus gníomhaíochtaí taighde ábhartha. Bhí an CCND an-ghníomhach le bliain anuas agus é i mbun comhoibre le comhghleacaithe i dTuaisceart Éireann ar an Suirbhé Uile-Oileánda ar Leitheadúlacht Drugaí. Tá an caidreamh comhoibre seo ag leanúint ar aghaidh ó 2002. Lena chois sin, thionóil an CCND páirtithe leasmhara ábhartha sna grúpaí comhairleacha éagsúla um thaighde chun tacú le tionscadail eile taighde. Oifigigh ó na Ranna Oideachais agus Eolaíochta, Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus Sláinte agus Leanaí atá i gceist chomh maith leis an mBord Taighde Sláinte, Aonad na Straitéise Drugaí, Bord an Ionaid Chóireála Drugaí, Coláiste na Tríonóide, an tIonad Náisiúnta um Andúil, Londain, *Ruhama, Chrysalis, UISCE,* Tionscadal Sláinte na mBan, Tionscadal Sláinte na bhFear Aerach, an Garda Síochána, an tSaotharlann Dlí-Eolaíochta agus Aonad Forfheidhmiúcháin na nDlíthe Drugaí Custaim agus Máil.

2.2.6 Comhobair idir an CCND/FSND

Oibríonn an CCND go dlúth le FSND le tacaíocht agus comhairle theicniúil a sholáthar do Thascfhórsaí Áitiúla agus Réigiúnacha ar Dhrugaí (TFÁ/RDaí). D'ullmhaigh an CCND comhthuairisc i gcomhar le FSND maidir le hÚsáid an Chóicín in Éirinn, a foilsíodh i mí Mhárta 2007. Thoiligh an CCND oibriú ar chomhthuairisc eile i mí na Nollag 2007 don GID ar Mhalartán Snáthaidí in Éirinn. Tugadh tacaíocht do TFÁ/RDaí agus iad ag breithniú riachtanas taighde ina limistéir, agus tionscadail taighde á gcoimisiúnú agus á mbainistiú acu trí chomhfhreagras teileafóin, ríomhphoist agus cruinnithe duine-le-duine. D'óstáil an CCND seimineár eolais do TFÁ/RDaí maidir le *Head Shops* agus a dtáirgí ar iarratas FSND. Reáchtáil Cathaoirligh agus Stiúrthóirí an CCND agus FSND comhchruinnithe i rith na bliana.

2.3 Bainistíocht Fheidhmíochta

2.3.1 Foireann

Tá ceithre phríomhphost ag an gCCND a dtacaítear go díreach leo trí bhaill foirne a fháil ar iasacht agus ar chonradh ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe & Gaeltachta. Tá an Stiúrthóir agus an tOifigeach Taighde ar chonradh don Roinn agus tá an tArdoifigeach Feidhmiúcháin agus an tOifigeach Cléireachais ar iasacht ón Roinn. Cé gur post lánaimseartha atá i bpost an Ardoifigigh Fheidhmiúcháin, laghdaíodh post an Oifigigh Chléireachais go post páirtaimseartha le linn na scoilbhliana rud a chiallaíonn go bhfuil easnamh substaintiúil ó thaobh cúrsaí riaracháin sa CCND mar gheall ar éilimh an chláir shaothair.

Líontar an t-easnamh seo trí oibrithe ar conradh a úsáid a fhostaítear trí ghníomhaireacht chun an tacaíocht riaracháin, a theastaíonn ó am go chéile, a sholáthar. Lena chois sin, soláthraítear oifigeach cléireachais sealadach i míonna an tsamhraidh chun an folúntas scoilbhliana sa samhradh a líonadh.

Fuarthas beirt taighdeoir ar conradh chun oibriú go sonrach ar dhá cheann de na tionscadail taighde a coimisiúnaíodh in 2007; an staidéar comparáideach ar an úsáid drugaí i measc daoine a d'fhág an scoil go luath agus ar dhaoine a bhíonn ag freastal ar scoil; agus an staidéar ar fhadhbúsáideoirí drugaí a bhíonn i mbun an striapachais.

2.3.2 Scórchárta Ualaithe

Bhí ráta éifeachtúlachta 88% ag an gCCND in 2007. Tá sé seo ar aon dul lenár dtargaidí don bhliain. Bhí 82 cruinniú inmheánacha ann ar chruinnithe foirne 24 díobh a reáchtáladh chun sruth na hoibre a bhainistiú agus na hardleibhéil táirgiúlachta, ó fhoireann atá chomh beag, a choinneáil ar bun. Bhain an 58 cruinniú eile le hobair fhochoistí, ghrúpaí comhairleacha um thaighde agus cuairteoirí ar an gCCND.

Soláthraíodh seisiúin eolais don Aire ocht n-uaire agus freastalaíodh ar bhreis is 60 cruinniú sheachtracha. Bhain siad sin le tacaíocht a sholáthar do na TFÁ/RDaí, do ghníomhaireachtaí eile agus do chlár taighde an CCND.

Le cois a bheith ag coimisiúnú agus ag bainistiú a chláir thaighde, gintear raon gníomhaíochtaí eile de bharr chlár saothair an CCND, rud a chuireann diminsean eile ó thaobh na bainistíochta tionscadail le hoibriúcháin an CCND. Is éard a bhíonn i gceist le hobair inmheánach ná imeachtaí a eagrú, an próiseas foilsiúcháin a bhainistiú (a mbíonn obair le gach dréacht dá dtéann chuig agus dá dtagann ón ionad dearthóireachta a phrofléamh agus a sheiceáil go fíormhion), caidrimh leis na meáin, scaipeadh gach foilseachán a phleanáil agus a eagrú agus, in 2007, scaipeadh breis is 11,000 tuairisc chuig príomhpháirtithe leasmhara. Tagann sraith ghníomhaíochtaí de thoradh gach babhta scaipthe foilseacháin freisin.

2.3.3 Saoráil Faisnéise (SF)

Cuireann an CCND formhór a fhaisnéise ar fáil ar an idirlíon. Dá ainneoin sin, faigheann sé iarratais um Shaoráil Faisnéise ó am go chéile. Foilsíodh leabhar tagartha ar an suíomh idirlín de réir cheanglais Alt 15 agus 16 de na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. De réir Alt 15 den Acht, is é cuspóir an leabhair thagartha seo ná éascú le daoine teacht ar fhaisnéis oifigiúil atá i seilbh an CCND, trí struchtúr, feidhmeanna agus mionsonraí ar na seirbhísí a sholáthraíonn an CCND a leagan amach, chomh maith leis an mbealach gur féidir leas a bhaint astu, faisnéis ar na haicmí taifead a choinnítear, agus faisnéis maidir leis an mbealach le hiarratas a dhéanamh leis an gCCND faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003. Ceanglaíonn Alt 16 den Acht um Shaoráil Faisnéise ar an gCCND leabhar a fhoilsiú ina mbeidh na rialacha, nósanna imeachta, cleachtais, treoirlínte agus léirmhínithe a úsáideann an CCND. Tá cóipeanna den fhoilseachán seo ar fáil ar www.nacd.ie agus ar iarratas ó oifigí an CCND.

Is é an tOifigeach um Shaoráil Faisnéise ag an gCCND ná Mary Jane Trimble. Is é Alan Gaffney an Déantóir Cinntí maidir le cúrsaí ó thaobh na Saorála Faisnéise agus is í Máiréad Lyons a phléann le hacomhairc inmheánacha. Phróiseáil an CCND dhá iarratas um Shaoráil Faisnéise in 2007.

2.3.4 Tacaíocht an Aonaid Straitéise Drugaí (ASD)

Sholáthair an CCND faisnéis mar fhreagairt ar Cheisteanna Parlaiminte (CPeanna) don ASD agus sholáthair faisnéis eile mar fhreagairt ar fhiosrúcháin ghinearálta maidir le saincheisteanna ó thaobh drugaí i gcaitheamh 2007. Thacaigh an tASD leis an gCCND agus conarthaí á n-ullmhú agus á síniú agus le hacmhainní airgeadais a leithdháileadh ar an gCCND a riaradh.

2.3.5 Rannpháirtíocht in Oiliúint

Lean forbairt ghairmiúil na foirne ar aghaidh in 2007 trí rannpháirtíocht i seimineáir agus i gcomhdhálacha éagsúla, a liostaítear ar leathanaigh 16 agus 17, agus trí rannpháirtíocht ar chúrsaí sonracha a comhaontaíodh tríd an bplean um fhorbairt ghairmiúil. Chlúdaigh na cúrsaí seo na réimsí seo a leanas:

- Bainistíocht Ama;
- Saoráil Faisnéise;
- Cosaint Sonraí;
- Gaeilge;
- Staidéir ar an Andúil;
- Cleachtadh a thabhairt do dhaoine ar *PULSE* – ón bPríomh-Oifig Staidrimh;
- Teicneolaíocht Fhaisnéise arna speisialú le haghaidh taighde i *SPSS, QSR NVivo*.

CUMARSÁID

Fágann feidhmeanna lárnacha an CCND nach mór dó é féin a chur faoi ghealltanas i leith na cumarsáide sa chiall is leithne di chun díospóireacht agus plé, faoi shaincheisteanna a bhaineann le drugaí, a chur chun cinn agus a spreagadh go hinmheánach agus go seachtrach i measc raon leathan na bpáirtithe leasmhara a idirghníomhaíonn leis an gCCND. Diminsean breise ó thaobh uirlisí cumarsáide a úsáid le spriocanna a bhaint amach ná taighde an CCND a fhoilsiú agus a scaipeadh. Is iad cuspóirí na straitéise cumarsáide ná:

- Comhairle agus seisiúin eolais thráthúla a sholáthar don Aire maidir le saincheisteanna buntábhachtacha agus treochtaí atá ag teacht chun cinn;
- Torthaí taighde ábhartha, a d'fhéadfadh an smaointeoireacht agus cleachtas reatha a threorú, a chur in iúl do sholáthraithe seirbhíse agus do chleachtóirí trasna earnálacha;
- An clár oibre taighde a chur chun cinn i measc na ndaoine is mó a théann i bhfeidhm ar chúrsaí sna gníomhaireachtaí agus comhlachtaí sin a chuireann taighde, a bhaineann le drugaí, chun cinn, a choimisiúnaíonn agus a mhaoiníonn taighde den sórt sin nó a thugann faoi agus/nó a bhfuil teacht acu ar shonraí ábhartha sa réimse seo;
- Feidhmiú ar son an CCND agus na hÉireann ag fóraim idirnáisiúnta.

3.1 Comhairle don Rialtas

Sholáthair an CCND comhairle don Rialtas roinnt mhaith uaireanta i rith 2007 trína rannpháirtíocht sa GID, ina sheisiúin eolais don Aire agus tríd na moltaí a rinneadh bunaithe ar thaighde nó ar fhaisnéis a bhí breithnithe aige. In 2007, chlúdaigh an chomhairle seo na réimsí ó thaobh torthaí na cóireála le haghaidh drugaí, an tástáil le haghaidh drugaí sa láthair oibre, dúshláin a bhaineann leis an gcóicín, treochtaí ó thaobh drugaí, leitheadúlacht drugaí agus taithí teaghlach atá ag baint cirt den úsáid hearóine. Soláthraíonn sé comhairle agus tacaíocht leanúnach don Aonad Straitéise Drugaí agus é ag freagairt ceisteanna parlaiminte agus fiosrúchán ginearálta.

Lena chois sin thuas, sholáthair an CCND comhairle trí aighneachtaí a chuir sé faoi bhráid FSS maidir lena Chomhairliúchán don Straitéis Idirchultúrtha; an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre maidir le próiseas forbartha a phlean straitéisigh agus an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta maidir le rialacháin a fhorbairt don tástáil le haghaidh drugaí sa láthair oibre.

3.2 Caidreamh leis na Meáin Chumarsáide

D'fhreastail ionadaithe éagsúla ó na meáin chumarsáide ar sheisiúin eolais do na meáin agus lorg siad faisnéis nó soiléiriú ón gCCND maidir le saincheisteanna a bhain le drugaí. Tugadh breis is 70 agallamh do na meáin chumarsáide. Bhí cúig alt is tríocha le feiceáil sna meáin chumarsáide chlóite agus ar an idirlíon agus tugadh 30 agallamh sna meáin chumarsáide craolta i ndáil le foilseacháin a d'eisigh an CCND nó i ndáil le taighde a rinne an CCND.

Gintear clúdach sna meáin ar an bpointe agus foilseachán de chuid an CCND eisithe agus, in 2007, luadh an CCND i bhfeasacháin nuachta trasna 28 stáisiún raidió áitiúil lena n-áirítear sé stáisiún neamhspleácha i mBaile Átha Cliath, agus ar raidió *RTÉ One, 2FM, Today FM* agus *Newstalk* ar bhreis is 200 ócáid. Tugadh thart faoi 24 agallamh i gcláir chúrsaí reatha i gcaitheamh na bliana agus d'éirigh linn clúdach teilifíse a fháil i bhfeasacháin nuachta.

Téitear i dteagmháil leis an gCCND go minic áfach nuair a dhéantar líon mór drugaí a urghabháil nó nuair a tharlaíonn iarmhairtí tragóideacha na mí-úsáide drugaí ar nós báis nó mórdhíobhála. Ar na hócáidí seo, soláthraíonn an CCND freagairtí fíriciúla maidir le leitheadúlacht na ndrugaí, cóireáil agus cosc na mí-úsáide drugaí rud a chuireann le feasacht ginearálta i measc an daonra.

3.3 Suíomh Idirlín an CCND

Tá gach eolas dá dteastaíonn uait i ndáil leis an gCCND, lena n-áirítear a mhisean agus a luachanna, a fheidhmeanna agus a bhallraíocht, ar an suíomh idirlín. Tá faisnéis ar an struchtúr fochoiste agus ar chlár saothair an CCND san áireamh freisin.

Rinneadh athruithe ar struchtúr an tsuímh ionas go mbeadh sé níos so-úsáidte agus tugadh cothrom le dáta é leis na tionscadail taighde, imeachtaí agus seimineáir a tharla in 2007, agus i mblianta roimhe sin, a chur san áireamh. Cuireadh naisc bhreise leis an suíomh idirlín.

Foilsítear gach tuairisc de chuid an CCND ar an suíomh idirlín go comhuaineach agus is féidir iad a íoslódáil saor in aisce. Conraitheoir seachtrach a chothabhálann an suíomh toisc nach bhfuil na hacmhainní foirne ag an gCCND don ghnó sin.

Tá an suíomh idirlín i bhformáid dhátheangach, rud a fhágann gur féidir leaganacha Gaeilge de thuarascálacha bliantúla, phleananna gnó, phreasráitis agus achoimrí taighde ó 2003 a íoslódáil. Cinntíonn an CCND go n-aistrítear preasráitis a bhaineann le taighde agus go mbíonn achoimre taighde i nGaeilge agus i mBéarla ag gabháil le gach tuairisc.

3.4 Seimineáir/Seisiúin Eolais 2007

Meastar gur bealach luachmhar seimineáir a óstáil le faisnéis a scaipeadh ar lucht éisteachta leathan an CCND. Lena chois sin, spreagann an CCND Tascfhórsaí Áitiúla agus Réigiúnacha ar Dhrugaí seimineáir thaighde a thionóil d'fhonn is go spreagfar dreamanna le heolas agus faisnéis a roinnt ionas go mbeidh an cleachtas ar aon dul leis an bhfianaise atá ar fáil. D'óstáil an CCND líon beag seimineár buntábhachtach in 2007.

3.4.1 Seimineáir arna n-óstáil ag an gCCND in 2007

Aib

Reáchtáladh seimineár lenar seoladh an tuairisc taighde dar teideal "Taithí Teaghlach agus iad ag Lorg Tacaíochta le Ceart a Bhaint den Úsáid Hearóine". D'fhreastail breis is 100 duine ó raon leathan disciplíní agus seirbhísí air lena n-áirítear grúpaí tacaíochta teaghlaigh.

Meith

Meitheal Taighde agus Fhaisnéise na Ríochta Aontaithe agus líonra Taighdeoirí Rialtas na hÉireann *"Sharing the experience of implementing longitudinal studies"*.

Noll

Seimineár faisnéise maidir le substaintí sícighníomhacha a bhíonn ar fáil trí *Headshops*.

3.4.2 Seimineáir/Comhdhálacha ar fhreastail baill foirne an CCND orthu in 2007

Feabh

Public Affairs Ireland – Seimineár maidir le Sonraí a Chosaint, Baile Átha Cliath.

Már

Seimineár maidir le staidéar an CCND ar an Úsáid Drugaí i measc Phobal an Lucht Siúil arna óstáil san Uaimh ag TFRD an Oirthuaiscirt agus Tionscnamh Drugaí *Pavee Point* a bhaineann leis an Lucht Siúil go Sonrach.

Már

Gníomhaireacht Náisiúnta Chóireála, Comhdháil Bhliantúil maidir leis an gCóireáil le haghaidh Drugaí, Londain.

Már

Seimineár maidir le Díobháil a Laghdú arna óstáil ag Tionscadal Drugaí Ana Liffey (Comóradh 25 bliain a bhunaithe) agus Ionad Taighde Choláiste na Tríonóide ar an Andúil.

Már

Seimineár maidir le Staidéar Indéantachta le haghaidh innéacs áitiúil bochtaineachta arna óstáil ag an nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine, Baile Átha Cliath.

Már

Seimineár maidir le Daoine Óga agus an mhí-úsáid substaintí arna óstáil ag TFÁD Bhaile Munna.

Aib

Díospóireacht phoiblí réamhthoghcháin CCÉ maidir le saincheisteanna ó thaobh drugaí le hionadaíocht ó gach páirtí.

Beal

Seimineár *"Belong to Youth"* lenar seoladh taighde nua ar an Úsáid Drugaí i measc Phobal na Leispiach, na nAerach, na nDéghnéasach agus na dTrasghnéasach.

Meith

Seimineár maidir le staidéar an CCND ar an Úsáid Drugaí i measc Phobal an Lucht Siúil arna óstáil i gCill Chainnigh ag TFRD an Oirdheiscirt agus Tionscnamh Drugaí *Pavee Point* a bhaineann leis an Lucht Siúil go Sonrach.

Meith

Seimineár maidir le staidéar an CCND ar an Úsáid Drugaí i measc Phobal an Lucht Siúil arna óstáil i mBun Dobhráin ag TFRD an Iarthuaiscirt agus Tionscnamh Drugaí *Pavee Point* a bhaineann leis an Lucht Siúil go Sonrach.

Meith

Seimineár maidir le Cúirteanna Cóireála Drugaí.

Meith

Comhdháil maidir leis an gCóicín.

M.F.

Seimineár pleanála straitéisí le haghaidh TFRD an Iarthuaiscirt.

D.F.
Seimineár maidir le staidéar an CCND ar an Úsáid Drugaí i measc Phobal an Lucht Siúil arna óstáil i Luimneach ag TFRD an Mheán-Iarthair agus Tionscnamh Drugaí *Pavee Point* a bhaineann leis an Lucht Siúil go Sonrach.

Samh
Comhdháil Chlár AGIS 2007 *"Establish a Threat Assessment for the Increase in Availability of Methamphetamine within the EU"*.

Noll
Seimineár arna óstáil ag an nGníomhaireacht um Daoine gan Dídean *"Working Together to Make it Happen"*.

3.4.3 Ábhair a chuir an Stiúrthóir i láthair i rith 2007

Már
Seimineár maidir le staidéar an CCND ar an Úsáid Drugaí i measc Phobal an Lucht Siúil arna óstáil san Uaimh ag TFRD an Oirthuaiscirt agus Tionscnamh Drugaí *Pavee Point* a bhaineann leis an Lucht Siúil go Sonrach.

Meith
Seimineár maidir le staidéar an CCND ar an Úsáid Drugaí i measc Phobal an Lucht Siúil arna óstáil i gCill Chainnigh ag TFRD an Oirdheiscirt agus Tionscnamh Drugaí *Pavee Point* a bhaineann leis an Lucht Siúil go Sonrach.

Meith
Seimineár maidir le staidéar an CCND ar an Úsáid Drugaí i measc Phobal an Lucht Siúil arna óstáil i mBun Dobhráin ag TFRD an Iarthuaiscirt agus Tionscnamh Drugaí *Pavee Point* a bhaineann leis an Lucht Siúil go Sonrach.

Meith
Comhdháil i bPáirc an Chrócaigh maidir le hÚsáid an Chóicín in Éirinn.

M.F.
Ábhar a cuireadh i láthair dhaltaí Iar-Ardteistiméireachta Choláiste Shinsearach Dhroichead na Dothra maidir leis an Úsáid Drugaí in Éirinn.

M.F.
Seimineár pleanála straitéisí d'ábhar de chuid TFRD an Iarthuaiscirt le cur i láthair maidir leis an Úsáid Drugaí/ Saincheisteanna maidir le Drugaí in Éirinn.

D.F.
Seimineár maidir le staidéar an CCND ar an Úsáid Drugaí i measc Phobal an Lucht Siúil arna óstáil i Luimneach ag TFRD an Mheán-Iarthair agus Tionscnamh Drugaí *Pavee Point* a bhaineann leis an Lucht Siúil go Sonrach.

Noll
Seimineár arna óstáil ag an nGníomhaireacht um Daoine gan Dídean *"Working Together to Make it Happen"*.

3.4.4 Ábhair a chuir an Fhoireann Taighde i láthair i rith 2007

- Cuireadh ábhar, maidir le staidéar a bhí beartaithe ar Dhaoine a Fhágann an Scoil go Luath agus ar an Úsáid Drugaí, i láthair grúpa páirtithe leasmhara ar tugadh cuireadh dóibh Grúpa Comhairleach um Thaighde a chruthú;
- Cuireadh ábhar, maidir le staidéar a bhí beartaithe ar Rioscaí, Úsáideoirí Drugaí agus an Striapachas, i láthair grúpa páirtithe leasmhara ar tugadh cuireadh dóibh Grúpa Comhairleach um Thaighde a chruthú;
- Cuireadh ábhar, maidir le staidéar a bhí beartaithe ar Mhargaí Drugaí in Éirinn, i láthair Choiste Taighde na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí d'fhonn is go bhfaighfí tacaíocht mhaoiniúcháin. D'éirigh linn seo a fháil.

3.5 Foilseacháin agus Aighneachtaí

1. Cox, G, Comiskey C, Kelly P, Cronly, J. (2006). **Torthaí ROSI*E* 2 Achoimre ar Thorthaí tar éis Bliain Amháin Modúlacht an Díthocsainiúcháin.** Arna fhoilsiú ag an gCCND i mí Eanáir 2007.
2. O'Gorman, A., Doyle, M., Crean, D. (2007). **Tuairisc Achomair ar Staidéar Píolótach ar an gCóras Monatóireachta ar Threochtaí Drugaí.** Arna fhoilsiú ar an idirlíon amháin i mí Eanáir 2007.
3. **Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn CCND Lúnasa 2003 – Nollaig 2005.** Arna fhoilsiú i mí Eanáir 2007.
4. Achoimrí Taighde arna bhfoilsiú i mí Eanáir 2007 in éineacht leis an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn.
5. Cox, G, Comiskey C, Kelly P, Cronly, J (2007). **Torthaí ROSI*E* 3 Achoimre ar Thorthaí tar éis Bliain Amháin Modúlacht an Staonta.** Arna fhoilsiú ag an gCCND i mí Feabhra 2007.

6. Horgan, J. (2007) **Úsáid an Chóicín in Éirinn Eolas is Déanaí II.** Comhthuairisc ón gCCND agus FSND. Arna fhoilsiú i mí Feabhra 2007.

7. Aighneacht an CCND do Chomhairliúchán FSS don Straitéis Idirchultúrtha. Arna fhoilsiú ar an idirlíon amháin.

8. Aighneacht an CCND don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre maidir le Plean Straitéiseach. Arna fhoilsiú ar an idirlíon amháin.

9. Cox, G, Comiskey C, Kelly P, Cronly, J (2007). **Torthaí ROSI*E* 4 Achoimre ar Thorthaí tar éis Bliain Amháin Modúlacht an Mheatadóin.** Arna fhoilsiú ag an gCCND i mí Aibreáin 2007.

10. Duggan, C. (2007) **Taithí Teaghlach agus iad ag Lorg Tacaíochta le Ceart a Bhaint den Úsáid Hearóine.** Arna fhoilsiú ag an gCCND i mí Aibreáin 2007.

11. **An Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Suirbhé ar Leitheadúlacht Drugaí 2002/2003: Torthaí maidir leis an Úsáid Ildrugaí.** Bullaitín 5. Arna fhoilsiú i mí Mhárta 2007.

12. **An Úsáid Drugaí in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann. Suirbhé ar Leitheadúlacht Drugaí 2002/2003: Torthaí maidir leis an Úsáid Támhachán, Suaimhneachán nó Frithdhúlagrán.** Bullaitín 6. Arna fhoilsiú i mí Mhárta 2007.

13. Aighneacht an CCND don F.S.S. a bhaineann le rialacháin nua maidir leis an tástáil le haghaidh drugaí sa láthair oibre. Arna fhoilsiú ar an idirlíon amháin.

14. Cox, G, Comiskey C, Kelly P, Leckey, Y, Sheehy, L agus O'Duill, B. (2007). **Torthaí Bonnlíne ROSI*E***. Arna fhoilsiú ar an idirlíon amháin i mí na Samhna 2007.

15. CCND (2007) **Tuarascáil Bhliantúil 2006** arna fhoilsiú i mí na Nollag 2007.

16. Achoimrí taighde arna bhfoilsiú i mí na Nollag 2007 in éineacht leis an Tuarascáil Bhliantúil

17. Ennals, K. (2007) **Meastóireacht ar an Scéim Dheontais Taighde don Earnáil Phobail agus Dheonach.** Arna fhoilsiú ar an idirlíon amháin i mí na Nollag 2007.

CÚRSAÍ AIRGEADAIS

4.1 Taighde – Maoiniúchán a Leithdháileadh

(do Thionscadail Taighde arna gCoimisiúnú in 2007)
(CBL san áireamh sa chás gurb infheidhme é)

Leitheadúlacht

Athstaidéar Gabhála Athghabhála
SAHRU Teo €65,185.73

Grúpaí Comhairleacha um Thaighde

Staidéar Comparáideach ar an Úsáid Drugaí i Measc Daoine Óga
Ipsos MORI/Dr Justine Horgan €384,350.00

Staidéar ar Fhadhbúsáideoirí Drugaí a Bhíonn i mbun an Striapachais
Dr Teresa Whitaker €140,000.00

Gníomhartha/Gníomhaíochtaí Taca

Caidreamh Poiblí
Montague Communications €32,676.57

Iomlán arna leithdháileadh **€622,212.30**

4.2 Caiteachas an CCND

Leagann an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta buiséad bliantúil isteach is amach le €1.3 milliún i leataobh i dtreo an CCND a fheidhmiú. Leithdháiltear seachtó faoin gcéad den bhuiséad seo mar mhaoiniúchán do thaighde agus an 30% atá fágtha le haghaidh riaracháin ghinearálta.

Cur síos atá sna figiúir a chuirtear i láthair ar chaiteachas an CCND ar thaighde agus ar riarachán ginearálta i gcomhair 2007. Tá airgeadas an CCND lánpháirtithe laistigh de chuntais ghinearálta na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

Caiteachas an CCND ar thionscadail taighde nua agus a bhí ar siúl cheana féin, lena n-áirítear tacaíocht sheachtrach saineolaithe, i gcomhair 2007 **€856,104.92**

Caiteachas an CCND ar riarachán ginearálta, lena n-áirítear pá, caidreamh poiblí agus seirbhísí dlí i gcomhair 2007 **€376,376.13**

Aguisín a hAon

BALLRAÍOCHT CHOISTE AN CCND AG 31ú NOLLAIG 2007

Cathaoirleach

Dr Des Corrigan, Dámh na Cógaisíochta agus na nEolaíochtaí Cógaiseolaíochta, Coláiste na Tríonóide

Leas-Chathaoirleach

Dr Mary Ellen McCann, Ceapachán Acadúil

Baill

Dr Joe Barry, Ollamh, Ceapachán Acadúil

Jackie Blanchfield, Uas., Líonra um Chóireáil Dheonach Drugaí

An tUas. Michael Conroy, Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Maria Corrigan, Uas., Síceolaí Cliniciúil

An tUas. Joseph Doyle, FSS, Réigiún an Oirthir

Sunniva Finlay, Uas., Earnáil Phobail

An tUas. John Garry, Roinn Dlí agus Cirt, Comhionnanais agus Athchóirithe Dlí

Mairéad Kavanagh, Uas., Líonra um Chóireáil Dheonach Drugaí

Dr Éamonn Keenan, Síciatraí Comhairleach, FSS, Limistéar an Iardheiscirt

Dr Jean Long, ATAD, an Bord Taighde Sláinte

An tUasal David Moloney, Roinn Sláinte agus Leanaí

An Ceannfort Barry O 'Brien, Aonad Náisiúnta Drugaí an Gharda Síochána

An tUasal Liam O 'Brien, an Earnáil Phobail

Patricia O'Connor, Uas., Foireann na Straitéise Náisiúnta ar Dhrugaí

Mary O'Shea, Uas., Cumann na gComhairleoirí Alcóil agus Andúile in Éirinn

Dr Máirín O'Sullivan, Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Baill an CCND a d'Éirigh As (2007)

An tUas. Willie Collins, FSS Limistéar an Deiscirt

An tUas. Cathal Morgan, FSS Limistéar an Oirthir

Baill na bhFochoistí i rith 2007 (Nach bhfuil ar an bPríomhchoiste)

Iarmhairtí

An tUas. Gabriel Staunton, Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Margaret O'Gorman, Uas., Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí

Luathrabhadh/Treochtaí atá ag Teacht Chun Cinn

An tUas. Gabriel Staunton, Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Dr Daniel O'Driscoll, An tSaotharlann Eolaíochta Fóiréinsí

Dr Bobby Smyth, FSS, Limistéar an Iardheiscirt.

Siobhan Stokes Uas., An tSaotharlann Stáit

Dr Richie Maguire, Bord an Ionaid Chóireála Drugaí/ an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre

Noreen Quinn, Uas., Roinn Sláinte agus Leanaí

An tUas. Pádraig Mc Mahon, Na Coimisinéirí Ioncaim

Breda O'Shea, Uas., Na Coimisinéirí Ioncaim

An tUas. Gerry Hayes, Roinn Dlí agus Cirt, Comhionnanais agus Athchóirithe Dlí

Pauline Leavy Uas., An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre

An Garda Bleachtaireachta Pat Davis, Aonad Náisiúnta Drugaí an Gharda Síochána

Anya Pierce, Uas., Roinn Tocsaineolaíochta, Ospidéal Beaumont

An tUas. Michael McDonagh, Clár Drugaí & Alcóil Crosscare

Niamh Arthur, Uas., Bord Leigheasra na hÉireann

Jean Burdette, Uas., Bord an Ionaid Chóireála Drugaí

Leitheadúlacht

An tUas. Eddie Arthurs, Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

An tUas. Barry McGreal, Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais & Athchóirithe Dlí

Cosc

Cathy Lyons, Uas., Roinn Sláinte agus Leanaí

Ruby Morrow, Uas., Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann

Mary Johnston, Uas., Seirbhísí Tacaíochta Chlár Walk Tall

Sineád Copeland, Uas., Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Linda O'Rourke, Uas., Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Cóireáil/Athshlánúchán

Anna May Harkin, Uas., Roinn Sláinte agus Leanaí

An tUas. Martin Kestell, Roinn Sláinte agus Leanaí

Dr Íde Delargy, Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann

Frances Nangle-Connor, Uas., Seirbhís Phríosúin na hÉireann

Sineád Copeland, Uas., Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Linda O'Rourke, Uas., Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Aguisín a Dó

TÁBLA BHALLRAÍOCHT NA BHFO-CHOISTÍ AG 31ú NOLLAIG 2007

		Iarmhairtí	LR/TTCC	Leitheadúlacht	Cosc	Cóireáil
Dr Des Corrigan	Dámh na Cógaisíochta agus na nEolaíochtaí Cógaiseolaíochta, Coláiste na Tríonóide	✓	✓	✓		
Dr Mary Ellen McCann	Ceapachán Acadúil	✓			✓	
Joe Barry, Ollamh	Ceapachán Acadúil			✓		✓
Jackie Blanchfield, Uas.	Líonra um Chóireáil Dheonach Drugaí		✓			✓
Maria Corrigan, Seanadóir	Síceolaí Cliniciúil				✓	✓
Sunniva Finlay, Uas.	An Earnáil Phobail	✓		✓		
Mairéad Kavanagh, Uas.	Líonra um Chóireáil Dheonach Drugaí	✓			✓	
Dr Eamon Keenan	FSS, Limistéar an Iardheiscirt	✓				✓
Dr Jean Long	ATAD, An Bord Taighde Sláinte	✓	✓	✓		✓
An tUas. David Moloney	Roinn Sláinte agus Leanaí		✓	✓		
An tUas. Joseph Doyle	FSS, Réigiún an Oirthir			✓		✓
Ceannfort Barry O'Brien	Aonad Náisiúnta Drugaí an Gharda Síochána	✓		✓		
An tUas. Liam O'Brien	An Earnáil Phobail	✓				✓
Patricia O'Connor, Uas.	Foireann na Straitéise Náisiúnta ar Dhrugaí		✓	✓	✓	
Mary O'Shea, Uas.	Cumann na gComhairleoirí Alcóil agus Andúile in Éirinn	✓				✓
Dr Máirín O'Sullivan	Roinn Oideachais agus Eolaíochta				✓	
An tUas. Gabriel Staunton	Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	✓	✓			
Margaret O'Gorman, Uas.	Roinn Dlí agus Cirt, Comhionnanais agus Athchóirithe Dlí	✓				
An tUas. Gerry Hayes	Roinn Dlí agus Cirt, Comhionnanais agus Athchóirithe Dlí		✓			
An Garda Bleachtaireachta Pat Davis	Aonad Náisiúnta Drugaí an Gharda Síochána		✓			
Siobhan Stokes, Uas.	An tSaotharlann Stáit		✓			
Dr Daniel O'Driscoll	An tSaotharlann Eolaíochta Fóiréinsí		✓			
Noreen Quinn, Uas.	Roinn Sláinte agus Leanaí		✓			
Anya Pierce, Uas.	Roinn Tocsaineolaíochta, Ospidéal Beaumont		✓			
Dr Bobby Smyth	FSS, Limistéar an Iardheiscirt		✓			
Dr Richie Maguire	An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre		✓			
Breda O'Shea, Uas.	Na Coimisinéirí Ioncaim		✓			
An tUas. Michael McDonagh	Clár Drugaí & Alcóil Crosscare		✓			
Niamh Arthur, Uas.	Bord Leigheasra na hÉireann		✓			
Jean Burdette, Uas.	Bord an Ionaid Chóireála Drugaí		✓			

		Iarmhairtí	LR/TTCC	Leitheadúlacht	Cosc	Cóireáil
An tUas. Eddie Arthurs	Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta			✓		
An tUas. Barry McGreal	Roinn Dlí agus Cirt, Comhionnanais agus Athchóirithe Dlí			✓		
Cathy Lyons, Uas.	Roinn Sláinte agus Leanaí				✓	
Ruby Morrow, Uas.	Coláiste Oideachais Eaglais na hÉireann				✓	
Mary Johnston, Uas.	Seirbhísí Tacaíochta Chlár Walk Tall				✓	
Linda O'Rourke, Uas.	Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta				✓	✓
Anna May Harkin, Uas.	Roinn Sláinte agus Leanaí					✓
Dr Ide Delargy	Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh na hÉireann					✓
Frances Nangle-Connor, Uas.	Seirbhís Phríosúin na hÉireann					✓

Aguisín a Trí

GNÍOMHAÍOCHTAÍ ARNA NÉILEAMH AR AN GCCND FAOIN STRAITÉIS NÁISIÚNTA DRUGAÍ

Sa Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001-2008, iarradh ar an gCCND tabhairt faoi na gníomhartha seo a leanas.

98 Staidéir a dhéanamh ar an mí-úsáid drugaí i measc na ngrúpaí aitheanta atá i mbaol m.sh. an Lucht Siúil, striapaí, daoine gan dídean, daoine a fhágann an scoil go luath srl. lena n-áirítear sonraí ar na grúpaí seo a dhí-leithscaradh. Tá sé ríthábhachtach go mbíonn teacht ar an bpointe ar fhaisnéis ábhartha staitistiúil ag na daoine aonair agus na grúpaí is mó a dtéann mí-úsáid drugaí i bhfeidhm orthu agus acu siúd a bhíonn i mbun oibre chun mí-úsáid drugaí a laghdú, a chóireáil agus a chosc.

99 Staidéir bhreise ar thorthaí a choimisiúnú, laistigh de shuíomh na hÉireann, chun tionchar reatha na cóireála meatadóin, ar idir shláinte an duine aonair agus ar iompar a sháraíonn an dlí, a dhéanamh amach. Ba chóir go mbeadh staidéir den sórt sin ina n-uirlis thábhachtach agus luach fadtéarmach na cóireála seo á dhéanamh amach.

100 Taighde a dhéanamh ar éifeachtacht sásraí nua chun a mhinice is a roinntear trealaimh a laghdú, m.sh. steallairí neamh-inathúsáidte, áiseanna so-ghluaiste chun steallairí a mhalartú srl., chun an fheidhm, a d'fhéadfaí a bhaint as roghanna nua laistigh de chohóirt áirithe den daonra úsaide drugaí, a dhéanamh amach, .i. i measc mí-úsáideoirí drugaí atá níos óige, laistigh de phríosúin, srl.